1.

Beidh sé dorcha.	It will be dark.
Ní bheidh sé dorcha.	It won't be dark.
An mbeidh sé dorcha?	Will it be dark?
Nach mbeidh sé dorcha?	Won't it be dark?
Beidh.	Yes (will be).
Ní bheidh.	No (won't be).
Cá mbeidh tú amárach?	Where will you be tomorrow?
Beidh mé sa pháirc.	I will be in the park.

2.

Dia duit.	Hello.
Dia is Muire duit.	Hello.
Cad is ainm duit?	What is your name?
Seán is ainm dom.	My name is *Sean*.
Conas atá tú?	How are you?
Tá mé go maith.	I am well.
Cad atá ort?	What is wrong?
Tá *tinneas cinn* orm.	I have a *headache*.
Cad as duit?	Where are you from?
Is as *Meiriceá* dom.	I'm from *America*.
Cár rugadh tú?	Where were you born?
Rugadh i *Nua Eabhrac* mé.	I was born *in New York*.
Cár tógadh tú?	Where did you grow up?
Tógadh *in Éirinn* mé.	I grew up *in Ireland*.
Cá bhfuil tú i do chónaí?	Where do you live?
Tá mé i mo chónaí *i San Diego*.	I live in *San Diego*.
Cé hé sin?	Who is that?
Sin é mo chara.	That's my friend.

3. An maith leat *seacláid*?
Is maith.

Ar mhaith leat *cupán tae*?
Ba mhaith, le do thoil.

An bhfuil *peata* agat?
Tá. Tá *cat* agam.

Do you like *chocolate*?
Yes.

Would you like a *cup of tea*?
Yes, please.

Do you have a *pet*?
Yes. I have a *cat*.

4. An bhfuil sé *fliuch* anois?
Níl. Tá sé *tirim*.

An raibh sé *fliuch* inniu?
Bhí. Bhí sé *fliuch* ar maidin.

An mbíonn sé *te* anseo?
Bíonn. Bíonn sé *te*.

An mbeidh sé *fliuch* amárach?
Ní bheidh. Beidh sé go deas.

Is it *wet* now?
No. It's *dry*.

Was it *wet* yesterday?
Yes. It was *wet* in the morning.

Is it usually *warm* here?
Yes. It is usually *warm*.

Will it be *wet* tomorrow?
No. It will be nice.

Comhrá 1
A: Cá mbeidh tú maidin amárach?
B: Beidh mé sa pháirc.
A: Nach mbeidh sé fuar?
B: Ní bheidh. Beidh sé go deas.

Conversation 1
Where will you be tomorrow morning?
I will be in the park.
Won't it be cold?
No. It will be nice.

Comhrá 2
M: Dia duit! Is mise *Máire*.
S: Dia is Muire duit. Is mise *Seán*.
M: Deas bualadh leat, a *Sheáin*.
S: Agus leatsa a *Mháire*.
M: Cá bhfuil tú i do chónaí?
S: Tá mé i mo chónaí in Éirinn. Agus tusa?
M: Tá mise i mo chónaí anseo, i San Diego.
S: Agus cé hí sin?
M: Sin í mo chara, *Siobhán*.
S: Deas bualadh leat, a *Shiobhán*.

Conversation 2
Hello! I am *Mary*.
Hello! I am *Sean*.
Nice to meet you, *Sean*.
And you, *Mary*.
Where do you live?
I live in Ireland. And you?
I live here, in San Diego.
And who is that?
That's my friend, *Joan*.
Nice to meet you, *Joan*.

Comhrá 3
A: An maith leat torthaí?
B: Is maith. Is breá liom fíonchaora.
A: An maith leat bananaí freisin?
B: Ní maith. Is fuath liom bananaí.
A: Is maith liomsa sútha talún.
B: Is breá liom sútha talún.
A: Tá sútha talún agam anois. Seo duit.
B: Go raibh míle maith agat.

Conversation 3
Do you like fruit?
Yes. I love grapes.
Do you like bananas too?
No. I hate bananas.
I like strawberries?
I love strawberries.
I have some strawberries now. Here you are.
Thanks a lot.

Comhrá 4
A: Cá mbíonn tú ar maidin?
B: Bíonn mé sa bhaile.
A: An raibh tú sa bhaile maidin inné?
B: Ní raibh. Bhí mé sa pháirc.
A: An mbeidh tú sa pháirc inniu?
B: Ní bheidh. Tá tuirse orm inniu.
A: Ar mhaith leat cupán tae?
B: Ba mhaith. Go raibh maith agat.
A: Ar mhaith leat siúcra agus bainne?
B: Ba mhaith liom siúcra
ach níor mhaith liom bainne.

Conversation 4
Where are you in the morning?
I'm generally at home.
Were you at home yesterday morning?
No. I was in the park.
Will you be in the park today?
No. I'm tired today.
Would you like a cup of tea?
Yes, thanks.
Would you like sugar and milk.
I would like some sugar,
but I wouldn't like any milk.

Obair Bhaile / Homework

Freagair na ceisteanna le do chuid freagraí féin.
Answer the questions with your own answers.

Mar shampla (for example):
Ceist (question): Cad is ainm duit? (What's your name?)
Freagra (response): *Úna is ainm dom.* (My name is Oona.)

1. Cad is ainm duit?

   _____

2. Conas atá tú?

   _____

3. Cár rugadh tú?

   _____

4. Cá bhfuil tú i do chónaí?

   _____

5. An maith leat torthaí?

   _____

6. An bhfuil peata agat?

   _____

7. An mbeidh sé fliuch amárach?

   _____